

## Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2012

---



# An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

---

Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2012

<b>Focal leis an gComisnéir</b>	<b>3</b>
<b>1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid</b>	<b>5</b>
1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	5
1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht	5
1.2.1 Easnamh Scileanna	5
1.2.2 Bearta le Rioscaí a Mhaolú	6
1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	7
<b>2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna</b>	<b>8</b>
2.1 Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	8
2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta	8
2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	8
2.1.3 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú	9
2.2 Nósanna Imeachta agus Caighdeáin a Chomhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú	9
2.2.1 Iniúchóireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Nósanna Imeachta agus Caighdeáin (Maoirseacht Réamhghníomhach)	10
2.2.2 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí (Maoirseacht Fhrithghníomhach)	11
2.2.3 Cigireacht	12
2.2.4 Cruinnithe Maoirseachta	12
2.2.5 Eachtraí Tromchúiseacha	12
2.2.6 Buairimh an Tionscail	13
2.2.7 Uirill ón bpobal	13
2.2.8 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	13
2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip	14
2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	14
<b>3. Assessment of Duty Holder Safety Performance</b>	<b>15</b>
3.1 Réamhrá	15
3.2 Líonra Iarnród Éireann	15
3.3 LUAS	15
3.4 Iarnróid Tionscail	16
3.5 Iarnróid Oidhreachta	16
<b>4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán</b>	<b>17</b>
4.1 Réamhrá	17
4.2 Cúrsaí Airgeadais	17
4.2.1 Maoiniúchán	17
4.2.2 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais	17
4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	17
4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	18
4.2.5 Taisteal agus speansais	18
4.3 Tiomantas don Ghaeilge	18
4.4 Saoráil Fhaisnéise	18
4.5 Cairt Chustaiméirí	18
4.6 Bainistíocht Rioscaí	18
4.7 Cód um Eitic agus Iompar Gnó	18
4.8 Ráiteas Straitéise 2012-2014	18
4.9 Suíomh Idirlín	18
<b>5. Ag Breathnú Amach Romhainn</b>	<b>19</b>
<b>Aguisín 1:</b> Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Cúrsaí Oibriúcháin agus Bonneagair 2003-2012	20
<b>Aguisín 2:</b> Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Éireann 2003-2012	21
<b>Aguisín 3:</b> Staitisticí LUAS	23
<b>Aguisín 4:</b> Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2012	24
<b>Aguisín 5:</b> Súil ar an bhFuineamh a Úsáideadh in 2012	25

# Focal Leis an gCoimisinéir



**De réir Alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, tá ceangal ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt. Is í seo an tuarascáil bhliantúil do bhliain 2012 agus, le cois faisnéis a sholáthar faoi gníomhaíochtaí, riarachán agus rialachas an CSI; soláthraítear sa tuarascáil sonraí staitistiúla maidir leis an mbealach a d'fheidhmigh na rannpháirtithe éagsúla san earnáil iarnróid in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta de i rith na bliana ar a bhfuil súil á caitheamh.**

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith rannpháirteach, i gcuideachta Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh, san obair leanúnach le creat rialála sábháilteachta iarnróid na hEorpa a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Dá thoradh sin, bíonn obair nach beag le déanamh ag an CSI i ndáil le reachtaíocht náisiúnta a chomhchuíbhíú agus comh-mhodhanna sábháilteachta an AE a chur i ngníomh.

Tugtar sainordú le Rialacháin an AE maidir leis an mbealach a bhfuil maoirseacht le déanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair iarnróid agus ar Ghnóthais Iarnróid lena chinntiú go gcuireann siad a gcuid Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi seach i ngníomh agus go gcloíonn siad leo. Le réimeas iniúchóireachta agus cigireachta an RSC, cinntítear go ndéantar maoirseacht ar a mhéad a chloíonn sealbhóirí dualgas lena gCóras Bainistíochta Sábháilteachta faoi seach, de réir an chomh-mhodha sábháilteachta a shonraítear i Rialachán Uimh. 1077/2012 (AE) an Choimisiúin. Leathnaíodh an réimeas sin i rith 2012 go gcuimseofaí gníomhaíochtaí an Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) ar líonra IÉ.

Mar gheall ar an lánchosc atá ann faoi láthair ar dhaoine a earcú san earnáil phoiblí, níorbh fhéidir líon na speisialtóirí teicniúla a bhí riachtanach a fhostú ar bhonn buan. Toisc gurbh ionann an scéal sin agus riosca nach beag do chumas an CSI a dhualgas rialála a chomhlíonadh maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an tsábháilteacht iarnróid in Éirinn, tá seirbhísí speisialtóirí sainchomhairleacha fostaithe chun an bhearna i gcumas an CSI a líonadh. B'ionann an bhearna úd agus 50% de ghnáthchumas an CSI ag tús na bliana agus 60% dá ghnáthchumas ag deireadh na bliana. Ciallaíonn costais an chur chuige sin nach bhfuil a leithéid inbhuanaithe mar chleachtas áfach.

Mar iarracht leis an easnamh sin a chur ina cheart agus le socruithe a chur i bhfeidhm go réiteofaí an tsaincheist chriticiúil seo ar bhonn níos fadtéarmaí, rinne an CSI comhaontú le Engineers Ireland i mí Mheáin Fómhair 2011 agus mar chuid de sin, cuireadh beirt innealtóirí, a chéimnigh le déanaí, ar shocrúchán oibre leis an CSI ar chlár oiliúna ceithre bliana a bhfuil sé d'aidhm leis iad a fhorbairt go mbainfidh siad stádas Innealtóra Cairte amach, agus an leibhéal inniúlachta, a éilítear ar Chigirí sábháilteachta Iarnróid, a thabhairt dóibh. Mar iarracht bhreise le heasnamh na scileanna a shárú agus a mhéad a bhítear ag brath ar shainchomhairleoirí seachtracha a laghdú, cuireadh beirt innealtóirí, a raibh roinnt taithí i gcúrsaí iarnróid acu roimhe, ar shocrúchán oibre leis an CSI ar chlár dhá bhliana lena gcuid taithí a chur in oiriúint i gceart, ó Mheitheamh 2012.

I mí an Mhárta 2013, rachaidh an maolú atá i bhfeidhm d'Éirinn faoi láthair maidir le bonneagar iarnróid agus gníomhaíochtaí oibriúcháin traenacha a dhealú ó chéile, in éag. Dá bharr sin, d'oibrigh Iarnród Éireann (IÉ) i gcaitheamh 2012 chun na haonaid ghnó 'Bainisteoir Bonneagair' agus 'Gnóthais Iarnróid' a fhorbairt, a bheidh de réir cheanglais an AE. Athrú suntasach ar chúrsaí eagrúcháin is ea é sin, a ndearnadh a bhailíochtú go neamhspleách ó thaobh cúrsaí sábháilteachta. Tabharfar Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) aonair isteach dá bharr do gach aonad gnó freisin. Rud atá ina chuid thábhachtach den obair leis an tionscadal seo a chomhlíonadh go rathúil, is ea an dá CBS nua a bheith á measúnú ag an CSI le cinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha, toisc go gcaithfear an Bainisteoir Bonneagair a údarú ó thaobh na sábháilteachta de agus an Gnóthas Iarnróid a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta de sular féidir leis na gnónna feidmiú mar fhiontair ar leithligh.

Ó thaobh na réimsí a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2011 mar na réimsí ar a ndíreofaí fócas ar leith i rith 2012, tá an CSI tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar seo a leanas:

# Foreword



- Athbheithniú cuimsitheach ar reachtaíocht um shábháilteacht iarnróid, leis an gcuspóir go bhforbrófar moltaí go mbeifear ag cloí go huile is go hiomlán le treoracha ón AE – **Tuairisc seachadta chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí an Mhárta 2012**
- Treoir d'Iarnród Éireann maidir lena athstruchtúrú inmheánach chun ceanglas an AE a chomhlíonadh ó thaobh gníomhaíochtaí an Bhainisteora Bonneagair agus an Ghnóthais Iarnróid a dhealú ó chéile, le béim ar leith ar mheasúnú a dhéanamh ar mar a dhearbhaítear athruithe san eagraíocht a bheith bailí ó thaobh na sábháilteachta de - **Ar siúl go leanúnach; le cur i gcrích le linn an chéad ráithe de 2013**
- Measúnacht ar an mbealach a chomhlíonann córais bhainistíochta sábháilteachta ar leithligh de chuid Iarnród Éireann na ceanglais ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an Bhainisteora Bonneagair agus an Ghnóthais Iarnróid agus an Bainisteoir Bonneagair a údarú ó thaobh na sábháilteachta de ina dhiaidh sin chomh maith le sábháilteacht an Ghóthnais Iarnróid a dheimhniú - **Ar siúl go leanúnach; le cur i gcrích le linn an chéad ráithe de 2013**
- Iarratas Northern Ireland Railways (NIR) ar dheimhniú sábháilteachta Chuid 'B' a mheasúnú lena chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas ábhartha srl. lena chinntiú go dtugtar dóthain airde lena CBS ar oibríochtaí traenach trasteorann agus nach dtugtar aon rioscaí breise isteach ar líonra IÉ - **Deimhniú Sábháilteachta Chuid 'B' eisithe Aibreán 2012**
- Leathnú a dhéanamh ar an réimeas nua iniúchóireachta agus cigireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an mbealach a chloíonn an Railway Preservation Society of Ireland (RPSI) leis an CBS dá chuid de réir chomh-mhodhanna sábháilteachta na hEorpa – **Iniúchóireacht ar ghnó iomlán an RPSI déanta Meitheamh 2012 agus tuairisc eisithe i mí Mheáin Fómhair 2012**
- Socruithe a láidriú chun aon easnamh maidir le sainacmhainní teicniúla daonna a sheachaint i gcás go bhféadfaidís bac a chur ar an CSI a chuid oibleagáidí, faoi reachtaíocht an AE agus reachtaíocht náisiúnta, a chomhlíonadh – **Beirt innealtóirí céimnithe tugtha ar iasacht don CSI ag Engineers Ireland Meitheamh 2012**
- An próiseas a thabhairt chun críche chun cead a thabhairt d'Iarnród Éireann sraith bhreise (17 bhfoireann ina bhfuil trí charr) de Chairr Iarnróid Idirchathrach a chur i mbun seirbhíse – Údarú seirbhíse deonaithe mí na Samhna/na Nollag 2012
- Staidéar teicniúil ar a oiriúnaí is a bheadh crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí - **tuairisc eisithe i mí na Bealtaine 2012**
- Iniúchóireacht chuimsitheach ar an tsábháilteacht ar na hiarnróid oidhreacht féinchoinnithe d'fhonn feidhmiú na bainistíochta sábháilteachta sa réimse sin a fheabhsú – **Iniúchóireacht déanta i rith mhí Mheithimh/Lúnasa 2012 agus tuairisc eisithe i mí na Samhna 2012**
- Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt de réir cheanglais ISO 17020 go mbeidh ar chumas an CSI creidiúnú a bhaint amach – **Trasiniúchóireacht Ghníomhaireacht Iarnróid na hEorpa déanta i rith na bliana agus tuairisc eisithe i mí na Nollag 2012; obair ar siúl go leanúnach maidir le próisis a fhorbairt.**

Maidir le sábháilteacht oibríochtaí Iarnród Éireann, bhí méadú beag ar líon na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu, ach coinníodh an taifead feabhsaithe i rith 2012, rud ar féidir a chur síos do chórais mhonatóireachta, meantóireachta agus chóitseála ceartaithí réamhghníomhaí agus neamh-dhaorbhreithiúnaí do thiománaithe traenach. Caithfear a aithint áfach, seachas córas an DART, nach mbíonn cosaint traenach uathoibríoch ar fáil ar an gcuid eile de líonra Iarnród Éireann. Bíonn oibriú sábháilte na dtraenacha ag brath ar na tiománaithe traenach agus ar a mhéid is a chloíonn siad le comharthaí iarnróid. Mar a tuairiscíodh anuraidh, is gá cuimhneamh anois ar an mbealach a d'fhéadfaí córais chosanta uathoibríocha traenach a chur i bhfeidhm de réir a chéile trasna líonra Iarnród Éireann agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin d'infheistíocht sna hiarnróid ar mhaithe le sábháilteacht agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean "Sábháilteacht na n-Iarnróid in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach", agus mar chonclúid, is cuí buíochas a ghabháil le foireann an CSI as a dtiomantas agus as an tacaíocht a thug siad agus muid ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil i rith 2012.

**Gerald Beesley**

Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid

# 1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid



## 1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 go foirmiúil de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005. I gcomhthéacs na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir 2004/49/CE ón Eoraip) is é an CSI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann.

Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad sa Stát, ceanglaítear ar an CSI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid gníomhaíochtaí go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach, viz.:

**Measúnacht ar an mbealach a Chomhlíontar Ceanglais –** Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhniúthe sábháilteachta, agus bonneagar nua iarnróid agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfear seirbhís i bhfeidhm.

**Maoirseacht ar Chomhlíonadh Nósanna Imeachta agus Caighdeán & a gComhlíonadh siúd a Fhorfheidhmiú –** Iniúchóireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go bhfuil moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhionatáireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá; agus

**Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip –** Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuíbhíú le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le

nósanna imeachta i ngníomh dá bharr, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

## 1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht

Saineagraíocht bheag theicniúil is ea an CSI atá comhdhéanta d'fhoireann innealtóirí gairmiúla agus a dtacaíonn foireann riaracháin beirte léi. Éascaíonn struchtúr tuairisceoireachta leibhéalta le faisnéis agus smaointe sruthlú thart go saoráideach agus cuireann an struchtúr sin an próiseas sin chun cinn fosta, rud a spreagann an comhairliúchán agus smaointeoireacht chruthaitheach. Ní amháin go gcuireann sé sin ar chumas an CSI freastal ar riachtanais an chláir saothair atá tugtha mar shainordú dó le reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, ach soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre a thagann gan choinne agus nach mór freastal orthu láithreach.

Tá sé bunriachtanach go mbunaítear agus go coinnítear inniúlacht chorparáideach leordhóthaineach ar bun go ndéanfaidh an CSI sábháilteacht na n-iarnród a rialáil agus go ndéanfaidh an AITI tionóiscí iarnróid a imscrúdú. Le cinntiú go mbeidh inniúlacht dá leithéid ar fáil sna heagraíochtaí faoi seach, bíonn gá le caidré ball foirne gairmiúil, le heolas agus taithí teicniúil a bhaineann le hiarnróid go sonrach, chun na feidhmeanna éigeantacha a fheidhmiú.

### 1.2.1 Skills Shortfall

I bpáipéar a cuireadh i láthair na Roinne Iompair i mí na Samhna 2010, d'aithin an CSI an struchtúr eagrúcháin agus leibhéal na foirne a bhí riachtanach lena chuid feidhmeanna éigeantacha a fheidhmiú faoi reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta. Dearbhaíodh na riachtanais sin i Straitéis Phleanála an Fhórsa Oibre 2012-14, a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mí Iúil 2012.

Faoin gCreat reatha um Rialú Fostaíochta (CRF), ní fhoráiltear leis an leibhéal ceadaithe foirne (13) ach le haghaidh seacht bpost teicniúil sa CSI nuair a bhaintear riachtanais an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (4) agus riachtanais riaracháin (2) amach; an Coimisinéir móide seisear cigirí – ag fágáil tríúir in easnamh. Thairis sin, mar

# 1. The Railway Safety Commission

gheall ar an lánchosc atá ann faoi láthair ar dhaoine a earcú san earnáil phoiblí, níorbh fhéidir folúntais (a tháinig chun cinn de bharr gur éirigh beirt as i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus Eanáir 2011) do bheirt Chigirí a líonadh chun líon na saineolaithe speisialaithe teicniúla a thabhairt ar ais aníos chuig an leibhéal foirne atá ceadaithe faoin CRF. Dá bharr sin, b'ionann easnamh na n-acmhainní teicniúla sa CSI ag tús 2012 agus 50% dá gcuid riachtanais.

In ainneoin an Chreata um Rialú Fostaíochta a bheith curtha i bhfeidhm in éineacht leis an lánchosc ar earcaíocht, caomhnaíodh leibhéal foirne an AITI sa chaoi go gcinnteofaí nach ndeanfaí aon lagú ar a chumas le timpistí a imscrúdú, toisc gur obair randamach a bhíonn i gceist leis an obair sin agus nach mór freagairt dó nuair a bhíonn sé le déanamh de bharr rudaí a tharlaíonn gan choinne. D'éirigh ball amháin d'fhoireann an AITI as i mí Mheáin Fómhair 2012 agus leis an gcaillteanas sin a chúiteamh agus socruithe a dhéanamh le haghaidh méadú nach beag ar chumas teicniúil an AITI, fuarthas beirt Innealtóirí Cairte (ball foirne amháin ón CSI agus duine ar conradh ó Engineers Ireland) ar iasacht ón CSI le tabhairt don AITI. Dá thoradh sin, b'ionann líon na mball buan den fhoireann theicniúil a bhí ar fáil do ghníomhaíochtaí an CSI ag deireadh 2012 agus 40% de na hacmhainní theicniúla a bhí riachtanach.

Is ionann easnamh na n-acmhainní teicniúla agus riosca an-suntasach do chumas an CSI a chuid feidhmeanna éigeantacha a fheidmiú agus a dhualgas rialála a chomhlíonadh, ó thaobh maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnród de réir Threoir 2004/49/EC, agus le Rialachán 1077/2012 ón gCoimisiún a chomhlíonadh. Chun an fíor-riosca mór sin a mhaolú, chuaigh an CSI i muinín seirbhísí speisialtóirí sainchomhairleacha a fhostú in 2011 agus 2012 chun gnáthiniúcháireachtaí a chur i gcrích ar mar atá Iarnród Éireann ag comhlíonadh a CBS. Fuarthas na seirbhísí sin ar conarthaí faoi chomhaontuithe creatlaigh de réir mar a bhí gach iniúcháireacht le déanamh, mar bheart leasúcháin gearrthéarmach ach mar bheart a bhí riachtanach láithreach.

Faightear speisialtóirí teicniúla sainchomhairleacha isteach ar conradh faoi chreat-shocruithe freisin chun tacú leis an bpróiseas lena measúnaítear comhréireacht na CBS agus lena bhfaomhtar feidhmeanna, arna sainordú le Rialachán

Uimh. 1158/2010 (AE) agus Uimh. 1169/2010 an Choimisiúin (AE), agus Treoir 2008/57/CE, le cur i mbun seirbhíse. Ní mó ná sásúil iad na socruithe conartha seo sa mhéid gur mór an costas a bhaineann leo, go gcaithfear líon díréireach d'acmhainní bainistíochta an CSI a chaitheamh ar riaradh na gcomhaontuithe sin, agus toisc nach gcomhlíonann siad an riachtanas bunriachtantach le saineolas ar thionscal na n-iarnród laistigh den CSI a fhorbairt agus a choinneáil.



## 1.2.2 Bearta le Rioscaí a Mhaolú

Amach sa bhliain 2010, thángthas ar an gconclúid gurbh é an rogha gearrthéarmach ab fhearr linn clár oiliúna & forbartha do chéimithe a chur i bhfeidhm, faoi chomhaontú comhpháirtíochta le Engineers Ireland, mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas: (i) go n-éascódh a leithéid de chlár le saincileanna a fhorbairt le sábháilteacht a rialáil in earnáil iarnróid na hÉireann; (ii) go mbeadh sé ina rannchuidiú dearfach do chúrsaí fostaíochta do chéimithe; (iii) go bhféadfaí sé go mbeifí ag déanamh laghdú leanúnach ar mhéid na tacaíochta seachtraí atá an-chostasach; agus (iv) go dtabharfaidh sé breis ama dúinn - go dtí lár 2014 ar a laghad - sula gcaithfí baill foirne a earcú féin.

Agus muid tagtha ar an gconclúid gurbh é seo an gníomh ab oiriúnaí, rinne an CSI comhaontú le *Engineers Ireland* i mí

# 1. The Railway Safety Commission



An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid Turascáil  
Bhliantúil

Mheáin Fómhair 2011 agus mar chuid de sin, cuireadh beirt innealtóirí, a chéimnigh le déanaí, ar shocrúchán oibre leis an CSI ar chlár oiliúna ceithre bliana a raibh sé d'aidhm leis iad a fhorbairt go mbainfeadh siad stádas Innealtóra Cairte amach, agus an leibhéal inniúlachta, atá riachtanach le bheith ina gCigirí sábháilteachta iarnróid, a thabhairt dóibh. Agus an CSI ag oibriú i gcomhar le Engineers Ireland, tá clár forbartha saindeartha do chéimithe curtha le chéile mar chomhchuid bhuntábhachtach de straitéis phleanála an CSI dá fhórsa oibre.

Mar iarracht bhreise le heasnamh na scileanna a shárú, agus le socruithe a dhéanamh go réiteofaí an cheist chriticiúil seo ar bhonn níos fadtéarmaí, rinne an CSI an dara comhaontú le *Engineers Ireland* i mí Mheithimh 2012. Sa chás seo, cuireadh beirt innealtóirí, a raibh idir 3 agus 4 bliana taithí i gcúrsaí iarnróid acu, ar shocrúchán oibre leis an CSI ar chlár dhá bhliana lena gcuid taithí a chur in oiriúint i gceart. Le cois iad a thabhairt suas chuig stádas Innealtóra Cairte, ba é aidhm an chlár seo na hinnealtóirí sin a fhorbairt go mbainfidís amach leibhéal na hinniúlachta a bhí riachtanach do ról Cigire laistigh den CSI freisin.

Is é an cuspóir a chinntiú go mbeidh leordhóthain eolais agus taithí teicniúil, a bhaineann le cúrsaí iarnróid go sonrach, ar fáil laistigh den CSI faoi dheireadh 2014 sa chaoi go gcomhlíonfar dualgais, lena mbaineann ceangal dlí, agus a laghad spleáchais ar shainchomhairleoirí seachtracha i gceist agus is féidir. De réir mar a cuireadh le heolas agus taithí na gcéimithe sin atá faoi oiliúint, tá an méid a bhítear ag brath ar shainchomhairleoirí seachtracha ag dul i laghad. Ach níl a gcuid eolais agus taithí iomlán go fóill, agus níl an dara rogha ag an CSI ach roinnt saineolais sheachtraigh a fhosú fós chun tacaíocht a thabhairt i réimsí sonracha amhail roth-stoc agus comharthaíocht. Bíonn na rátaí in aghaidh an lae do speisialtóirí teicniúla comhairleacha beagnach trí hoiread níos airde na rátaí a bheifí ag íoc mar chuid d'fhostaíocht dhíreach, rud nach bhfuil inbhuanaithe.

## 1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Chun ceanglais Airteagal 18 den Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh, forálann an tAcht um

Shábháilteacht Iarnróid le haghaidh Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) a bhunú. Cé go bhfuil an t-Aonad laistigh de struchtúr corparáideach an CSI faoi láthair, agus acmhainní riaracháin á roinnt, ó thaobh a bhfeidhmeanna, tá sé de neamhspleáchas ag an Aonad tionóiscí iarnróid agus tionóiscí tromchúiseacha a imscrúdú. Cé go bhfuil reachtaíocht chumasúcháin fós le rith, tá sé i gceist go mbeidh an AITI dealaithe ón CSI a luaithe agus is féidir chun ceanglais an AE a chomhlíonadh.

Imscrúdú cúisíoch amháin a dhéanann an t-aonad, is é sin le rá go bhféachann sé le fíricí iomlána eachtra a aithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sé d'fhonn atarlú a chosc. Sonraítear íos-tairseach, ó thaobh caillteanas agus gortuithe, a mbíonn imscrúdú éigeantach os a cionn, sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Bíonn sé ar chomhairle an Aonaid an ndéanfar eachtraí lena ngabhann tionchar níos lú a imscrúdú.

Thionscain an AITI dhá imscrúdú fhoirmiúla in 2012 ar thionóiscí agus ar eachtraí ar an iarnród:

### Iarnród Éireann:

- Bhuail tarracóir agus traen faoina chéile ag Crosaire Comhréidh na Creatalaí (XE020), Contae Luimnigh, an 20ú Meitheamh 2012.
- Comharthaí ceo scaoilte sa chábán tiomána ar an DART ag Stáisiún Bhré an 6ú Márta 2012

Lena chois sin, thionscain an AITI imscrúdú ar threochtaí maidir le mírialtachtaí seilbhe ar Iarnród Éireann.

D'fhoilsigh an AITI trí thuairisc faoi thionóiscí agus eachtraí a imscrúdaíodh go foirmiúil:

### Iarnród Éireann:

- Buailleadh carr ag Crosaire Comhréidh *Morrough*, XG173, Contae na Gaillimhe, 14ú Feabhra 2011 – foilsithe an 8ú Feabhra 2012
- D'éalaigh gluaisteoir ag Lúb Phort Laoise, Contae Laoise, 29ú Meán Fómhair 2011 – foilsithe 19ú Meán Fómhair 2012
- Chlis ar na himthacaí ar ghluaisteoir 233 ag Stáisiún Uí Chonghaile, Contae Bhaile Átha Cliath, 18ú Deireadh Fómhair 2011 - foilsithe 26ú Meán Fómhair 2012



## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil, pléitear le feidhmíocht an CSI sna trí réimsí oibre buntábhachtacha dá chuid: Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse; Maoirseacht ar an mbealach a chomhlíontar nósanna imeachta agus caighdeán & Comhlíonadh na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin a fhorfheidhmiú, agus Reachtaíocht a chomhchuíbhiú le treoracha & rialacháin ón Eoraip.

### 2.1 Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Tá dhá phríomhshraith i gceist le gníomhaíochtaí faoin teideal seo: Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú agus Údarú a thabhairt go gcuirfear bonneagar iarnróid nua agus rothstoc nua, nó bonneagar agus rothstoc a athraíodh go suntasach, i mbun seirbhíse.

#### 2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta

An 2ú Aibreán 2012, eisíodh Deimhniú Sábháilteachta Chuid B do Northern Ireland Railways Co Ltd dá chuid gníomhaíochtaí mar Gnóthas Iarnróid laistigh den Stát ar an mbealach idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.

Chuir Iarnród Éireann tús i rith 2012 leis an bpróiseas a reáchtáiltear roimh ré maidir le hiarratas a ullmhú lena Dheimhniú Sábháilteachta mar Ghnóthas Iarnróid a athnuachan chomh maith lena Údarú Sábháilteachta mar Bhainisteoir Bonneagair a athnuachan. Táthar ag súil leis go ndeonófar Deimhniú agus Údarú i dtreo dheireadh na chéad ráithe de 2013.

#### 2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Áirítear an méid seo a leanas i measc an bhonneagair a údaraíodh ar Líonra Iarnróid Éireann i rith 2012: dhá dhroichead nua, uasghrádú mór ar an tardroichead iarnróid ag Úlla (ar Ghabhal Luimnigh – Líne Phort Láirge), agus uasghráduithe ar uchtbhallaí ar thrí dhroichead. Tugadh údarú go ndéanfaí dearadh mionsonraithe do stáisiún nua ag Órán Mór, agus coimisiúnaíodh Cuid 1 de thionscadal Athchomharthaíochta Lár Bhaile Átha Cliath, Céim 1 (Craobh Bhinn Éadair) le haghaidh seirbhíse eatramhaí.

Údaraíodh go ndéanfaí uasghrádú ar dhá dhroichead ar Iarnród oidhreacht neamhspleách Phort Láirge & Ghleann na Siúire freisin.

Maidir leis an bpróiseas le rothstoc Iarnród Éireann a mheasúnú, cuireadh sin i gcrích sa chaoi go dtabharfaí cead go bhfeidhmeofaí sraith eile de Chairr Iarnróid Idirchathrach. Deonaíodh údarú seirbhíse an 30ú Samhain 2012 le haghaidh 51 feithicil bhreise (17 x shraitheanna ina mbeidh 3 charr), agus deonaíodh údarú seirbhíse an 19ú Nollaig le haghaidh 6 fheithicil (2 x shraith ina mbeidh 3 charr) ón ordú bunaidh a ndearna lucht a ndéanta athobair orthu. Deonaíodh údarú seirbhíse don Rannóg Bhonneagair freisin le haghaidh Glantóra Ballasta agus Feithicle Ilfheidhmí.

Táthar tar éis ceithre Veain Gineadóra Leictrigh Mk3, ar thug Iarnród Éireann isteach i 1984 iad, a choinneáil agus a mhodhnú sa chaoi go mbeidís oiriúnach le feidhmiú i gcomhar le cóistí DeDietrich ar sheirbhís *Enterprise* a théann ar luas 145 cileamadar san uair idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Deonaíodh údarú teoranta go n-úsáidfí iad i mbun seirbhíse ar feitheamh measúnachta breise ar ghnéithe áirithe den obair mhodhnaithe a rinneadh ar na feithicilí sin.

Údaraíodh roinnt dearthaí *wrap* do thramanna d'Fheithicilí Luas freisin.



## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



Tá tuilleadh mionsonraí in Aguisín 4 maidir le stádas na n-iarrtas ar cheadú a fháil.

Tar éis don Rialtas an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht 2008/57/CE a thrasuíomh, uasdátaíodh treoirlínte an CSI a bhaineann le hÚdarú le Cur i mBun Seirbhíse sa chaoi go bhfreastalófaí ar an obair le ceanglais bhreise ghaolmhara a chur i ngníomh. Is iad seo a leanas na cáipéisí uasdátaithe:

*RSC-G-009-E - Guideline for the Process of Authorisation for Placing in Service Railway Sub-Systems.*

*RSC-G-020-B - Guideline for the Safety Assessment of New Infrastructure Signalling Works.*

*RSC-G-024-B - Guideline providing List of Parameters and Requirements for APS of Heavy Rail INF & related OPE/MAI Parameters.*

*RSC-G-024-B - Guideline providing List of Parameters and Requirements for APS of Heavy Rail INF & related OPE/MAI Parameters.*

### 2.1.3 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú

Foilsíodh treoirlíne an CSI faoin Treoir maidir le Tiománaithe Traenach a Dheimhniú 2007/59/CE, RSC-G-025-A, a fheidhmiú i mí na Bealtaine 2012. Baineann an treoirlíne le hionaid oiliúna, ionaid scrúdúcháin, traenáilaithe, scrúdaitheoirí, gnóthais iarróid, bainisteoirí bonneagair, tiománaithe traenach agus daoine atá ina iarrthóir ar phoist mar thiománaithe. Chuir Iarróid Éireann iarratais isteach i mí na Samhna 2012 go n-aithneofaí mar Ionad Oiliúna agus mar Ionad Scrúdúcháin é. Eiseoidh an CSI Ceadúnais Tiomána Traenach agus coinneoidh an CSI clár de réir na gceanglas atá i Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh. 36 de 2010 agus i gCinneadh an Choimisiúin 2010/17/EC.

### 2.2 Nósanna Imeachta agus Caighdeáin a Chomhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú

Eascaíonn gníomhaíochtaí maoirseachta an CSI as an ngá lena chinntiú go mbíonn a gcórais bhainistíochta sábháilteachta ceadaithe (CBS) á gcur i ngníomh ag Gnóthais iarróid agus ag Bainisteoirí Bonneagair.

Nithe eile a threoraíonn na gníomhaíochtaí sin is ea:

1. Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí go tipiciúil;
2. Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann, paisinéirí nó daoine gaolmhara eile; agus
3. Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht tar éis eachtraí le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán.

Cuirtear roinnt teicnící chun feidhme mar chuid de ghníomhaíocht mhaoirseachta an CSI, lena n-áirítear:

1. Iniúcháireachtaí ar an mbealach a chomhlíonann sealbhóirí dualgais an CBS;
2. Cigireacht ar shócmhainní agus ar oibríochtaí samplacha; agus
3. Cruinnithe maoirseachta ardleibhéil le hOifigigh Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí Sábháilteachta.

#### 2.2.1 Iniúcháireacht ar an mBealach a Chomhlíontar Nósanna Imeachta agus Caighdeáin (Maoirseacht Réamhghníomhach)

Thug an CSI faoi chúig iniúcháireacht le féachaint ar raibh CBS á gcomhlíonadh in 2012, mar seo a leanas:

- Feidhm iniúcháireachta inmheánaí Iarróid Éireann – Iniúcháireacht déanta mí an Mhárta 2012.
- Iniúcháireacht ar ábhar leith maidir le mar a bhainistíonn Iarróid Éireann rioscaí – Iniúcháireacht déanta mí an Mhárta 2012
- Rannóg Oibríochtaí IÉ (Feidhm um Thraenacha a Rialú) – Iniúcháireacht déanta mí na Bealtaine 2012
- Rannóg Comharthaíochta Leictre & Teileachumarsáide san iomlán - Iniúcháireacht déanta mí Iúil 2012
- Réimsí príomhfheidhmeanna rannóg na nOibreacha Nua – Iniúcháireacht déanta mí na Samhna 2012

Lena chois sin, thug an CSI faoi trí iniúcháireacht ar phróisís Chóras Bainistíochta Sábháilteachta IÉ. Díríodh leis na hiniúcháireachtaí sin:

- Bainistiú na hOibre Cothabhála ar Fhoireann na Roth & na hOibre Ollchóirithe orthu – Iniúcháireacht déanta mí Feabhra 2012

## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



- Bainistiú Comhéadain le Tríú Páirtithe ar Líonra IÉ - Iniúcháireacht déanta mí Mheithimh 2012
- Bainistiú na hOibre Cothabhála ar Mheaisíní-ar-na-rianta - Iniúcháireacht déanta mí Feabhra 2012

Tá moltaí déanta de thoradh na n-iniúcháireachtaí go léir a rinneadh agus tá achoimre ar na moltaí sin le fáil sa tábla thíos, ó thaobh aschuir na n-iniúcháireachtaí de thoradh a bhfuair amach.

Teideal na hIniúcháireachta	Neamh-chomhlíonadh - Cás Tromchúiseach	Neamh-chomhlíonadh - Cás Mionchúiseach	Gníomh atá Riachtanach
Feidhm iniúcháireachta inmheánaí Iarnród Éireann	0	5	10
Iniúcháireacht ar ábhar leith maidir le mar a bhainistíonn Iarnród Éireann rioscaí	0	0	7
Rannóg Oibriochtaí IÉ (Feidhm um Thraenacha a Rialú)	0	2	5
Rannóg Comharthaíochta Leictre & Teileachumarsáide san Iomlán	0	8	8
Réimsí phríomhfheidhmeanna rannóg na nOibreacha Nua	0	2	6
Bainistiú na hOibre Cothabhála ar Fhoireann na Roth & na hOibre Ollchóirithe orthu	0	1	9
Bainistiú Comhéadain le Tríú Páirtithe ar Líonra IÉ	0	1	7
Bainistiú na hOibre Cothabhála ar Mheaisíní-ar-na-rianta	0	3	6

De réir Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, tá Pleananna leis na moltaí seo a chur i gníomh curtha faoi bhráid an CSI ag IÉ, agus tá an CSI tar éis glacadh leo. Tá gníomhartha ceartúcháin curtha i gníomh cheana féin ag IÉ, nó tá an

próiseas sin ar bun acu, rud a bhfuil an CSI ag déanamh monatóireachta air.

Rinne an CSI Veolia, Oibreoir LUAS, a iniúchadh, ag tabhairt faoi iniúchadh amháin ar a gcuid socrúithe bainistíochta sábháilteachta (Cás Sábháilteachta) le féachaint an raibh ceanglais srl. á gcomhlíonadh. Díriodh leis an iniúcháireacht sin ar:

- Bainistíocht Struchtúr ar Líonra LUAS - Iniúcháireacht déanta mí na Bealtaine 2012

Shonraigh an CSI go raibh 3 réimse ann ar ghá gníomhú ina leith. Ina measc siúd, bhí saincheisteanna amháin a bheith ag cinntiú gur scrúdaíodh struchtúir de chuid tríú páirtithe ar a mbíonn tramanna LUAS ag taisteal, ag soiléiriú freagrachtaí na mball buntábhachtach den fhoireann as sábháilteacht agus sreabhadh inmheánach na faisnéise sábháilteachta a fheabhsú.

Tá Veolia, i gcomhar le hAlstom (cothabhálaí an bhonneagair) agus an Gníomhaireacht um Fháil Iarnród, ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna sin, agus tá an CSI ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn ina leith. Rinne an CSI iniúcháireacht ar an *Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)* freisin, agus thug faoi dhá iniúcháireacht ar mar a chomhlíon iad a CBS. Díriodh leis na hiniúcháireachtaí sin:

- Ar iniúcháireacht ar ghnó iomlán oibríocht an RPSI - Iniúcháireacht déanta mí na Samhna 2012; agus
- Ar an ngníomhaíocht le himeachtaí a phleanáil - Iniúcháireacht déanta mí na Nollag 2012

I ndáil leis an iniúcháireacht ar an ngnó iomlán, sonraíodh trí chás mhionchúiseacha nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeáin srl. ina leith. Sna cásanna sin, níor comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeáin srl. maidir le taifid a choinneáil ar stair chothabhála feithiclí agus sraitheanna rothar, castacht an CSB, agus próiseas bainistíochta athruithe.

Lena chois sin, shonraigh an CSI sé réimse ar ghá gníomhú ina leith sa chaoi go seachnófaí cás, nach bhféadfaí glacadh leis, a bheith ag tarlú. Cuimsíodh leis na réimsí sin saincheisteanna amháin rioscaí a mheasúnú, inniúlacht a

## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



bhainistiú, agus iniúchóireacht inmheánach.

De réir alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarróid, chuir an RPSI plean feabhsúcháin faoi bhráid an CSI. Ghlac an CSI leis agus tá monatóireacht á dhéanamh aige ar an bpróiseas leis an bplean a chur i ngníomh.

### 2.2.2 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí (Maoirseacht Fhrithghníomhach)

Feidhmíonn an CSI uainchlár lena bhfágtar go mbíonn Cigire de chuid an CSI ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt do thionóisc nó d'fhógra faoi eachtra. In 2012, fuair an CSI 44 glao agus d'fhreagair do 13 eachtra. Seachas na heachtraí sin a raibh amhras ina leith gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar gach eachtra agus chuir an CSI tús agus críoch le 3 Scrúdú fhoirmiúla tar éis eachtraí in 2012. Baineann imscrúdú níos críochnúla ar an láthair leis na scrúduithe seo, mar aon le haghallaimh le cuid mhór ball foirne le dualgais, agus athbhreithniú ar chaighdeán agus ar rialacha is infheidhme, le déanamh amach an raibh aon réimsí ann nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán srl. ina leith ó thaobh an CBS ábhartha de. Eisíodh tuairiscí na scrúduithe sin chuig an sealbhóir dualgais ábhartha agus cuireadh iad ar shuíomh idirlín an CSI freisin.

Tuairiscíodh sa chéad cheann de na tuairiscí sin ar mar a theip ar imthaca acastóra ar Ghluaistóir Uimh. 233 de chuid IÉ. Cuireadh críoch leis an scrúdú seo i mí an Mhárta 2012 agus sonraíodh cás mionchúiseach amháin nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán srl. ina leith. Bhain sé sin le teip caighdeán cheadaithe oiliúna agus inniúlachta a chur i ngníomh do phearsana a bhíonn i mbun rothstoc a chothabháil. Sonraíodh go raibh sé réimse eile ann ar ghá gníomhú ina leith agus bhain siad sin le teoracha scríofa, cumarsáid agus oiliúint tiománaithe.

Bhain an dara tuairisc le roinnt eachtraí in imeacht tréimhse dhá oíche ag crosaire comhréidh a bhain le Meaisín-ar-na-rianta. Cuireadh críoch leis an scrúdú seo i mí Lúnasa 2012 agus sonraíodh cúig chás mhionchúiseacha nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán srl. ina leith. Bhain siad sin le cásanna nár comhlíonadh rialacha Iarróid Éireann féin le

haghaidh gluaiseachtaí traenach le linn oibreanna innealtóireachta.

Lena chois sin, shonraigh an CSI ocht (8) réimse eile ar ghá gníomhú ina leith. Cuimsíodh ina measc sin saincheisteanna amhail seilbh a bhainistiú, cumarsáid chriticiúil don tsábháilteacht agus faisnéis inmheánach a sholáthar.

Tharla an scrúdú deiridh tar éis do thraein folamh paisinéirí imeacht de na ráillí i dtaobhlaigh san iosta ag Droichead Átha. Cuireadh críoch leis an scrúdú seo i mí na Samhna 2012 agus sonraíodh trí chás mhionchúiseacha nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán srl. ina leith. Bhain siad sin le cásanna nár comhlíonadh rialacha Iarróid Éireann féin maidir le daoine a bheith ag obair ar nó in aice leis an líne, agus gluaiseachtaí traenach i dtaobhlach a rialú.

Lena chois sin, shonraigh an CSI ceithre réimse ar ghá gníomhú ina leith sa chaoi go seachnófaí cás, nach bhféadfaí glacadh leis, a bheith ag tarlú. Leis na saincheisteanna sin, cuimsíodh daoine a bheith ag obair i dtaobhlaigh, córas sábháilte oibre a chur ar bun, agus athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail áirithe maidir le pointí, a fheidhmítear de láimh, le bealaí a shocrú in iostaí agus i dtaobhlaigh.

De réir Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarróid, d'iarr an CSI 'Plean Feabhsúcháin' ó IÉ. Cuireadh an plean sin faoi bhráid an CSI agus fuarthas go raibh sé inghlactha. Tá monatóireacht ghrinn á déanamh ag an CSI ar phleananna IÉ agus tá siad sásta go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar na cásanna nár comhlíonadh nósanna imeachta agus caighdeán srl. ina leith, nó go bhfuil aghaidh á tabhairt orthu, mar aon leis na réimsí ar sonraíodh gur ghá gníomhú ina leith.

### 2.2.3 Cigireacht

Rinneadh cigireacht ar IÉ agus ar Veolia roinnt uaireanta freisin in 2012 lenar díriodh ar:

- Sócmhainní an bhonneagair lena n-áirítear droichid agus crosairí comhréidhe;
- Stáisiúin;
- Iostaí cothabhála na dtraenacha;
- Bonneagar na mbealaí tram, agus droichid.

## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Lena chois sin, sa chás go rabhtas in ann, thapaigh cigirí an deis le taisteal i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú.

Maidir leis na hiarnróid oidhreachta neamhspleácha, thug an CSI faoi athbhreithniú ardleibhéil ar na hoibreoirí aonair ar fad agus é ag díriú ar bhainistíocht oibríochtaí agus sócmhainní agus ar mar a chomhlíon siad a gcuid cásanna sábháilteachta ceadaithe. Lena chois sin, rinneadh scrúduithe le linn seirbhíse ar roinnt iarnród oidhreachta atá á bhfeidhmiú faoi láthair. Tá sé beartaithe go réachtáfaidh an CSI ceardlann do na hiarnróid oidhreachta go léir go luath in 2013 chun feabhsuithe ar shábháilteacht na n-iarnród a chothú agus a spreagadh.

### 2.2.4 Cruinnithe Maoirseachta

In 2012, mar chuid de Chlár Maoirseachta an CSI, réachtáladh roinnt cruinnithe maoirseachta ardleibhéil leis na sealbhóirí ábhartha dualgais, mar atá, Bainisteoir Bonneagair IÉ, Gnóthas Iarnróid IÉ, Veolia agus Bord Na Móna, agus pléadh an fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta lena linn siúd.

Rinne an CSI monatóireacht freisin ar an mbealach a cuireadh moltaí ón Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid i bhfeidhm tar éis dá n-imscrúduithe cúisíocha neamhspleácha.

### 2.2.5 Eachtraí Tromchúiseacha

Níor tharla aon eachtraí marfacha ar líonra IÉ in 2012 (gan cásanna, ina ndearnadh foghail nó a bhfuil amhras ina leith gur



ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, a chur san áireamh). Ach tharla líon beag eachtraí áfach, a bhféadfadh iarmhairtí níos tromchúisí a bheith i gceist leo agus na cúinsí beagáinín difriúil. Bhain an chéad cheann le himbhualadh mótarfeithicle le traen ag crosaire comhréidh agus bhain an dara ceann le tarracóir a bhuail faoi thraein. Rinne an CSI a chuid fiosrúchán féin tar éis an dá eachtra, agus rinne an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) scrúdú neamhspleách ar an dara ceann freisin. Breithneoidh an CSI aon mholtaí ó thaobh na sábháilteachta de a d'fhéadfadh teacht amach de thoradh an imscrúdaithe seo.

An 28ú Meitheamh 2012, tharla an dara eachtra mharfach ar an LUAS ó cuireadh tús le hoibríochtaí in 2005. Tharla an tionóisc ag Stad an Chapail Dhuibh (in aice le gabhal bhóthar Thír Chonaill agus bhóthar an Náis) ar an Líne Dhearg. Rinne bean iarracht dul trasna líne an traim ach rinne sí amhlaidh díreach agus tram a bhí ag dul i dtreo na cathrach ag teacht ina treo féin. Thug an CSI faoi scrúdú ar an láthair go goidir tar éis na heachtra agus bhreathnaigh ar gach ar taifeadadh ar scannán CCTV ina dhiaidh. Tháinig an CSI ar an gconclúid gur tharla an tionóisc toisc gur chosúil nárbh fheasach don choisí go raibh an tram ag teacht agus gur thrasnaigh sí an líne go gasta os a chomhair, b'fhéidir mar iarracht tram eile a shroicheadh, a bhí ag teacht isteach chuig an stáisiún agus ag dul sa treo amach ón gcathair.

### 2.2.6 Buairimh an Tionscail

Coinníonn an CSI teagmháil fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar bun lenár gcomhghleacaithe, na comhlachtaí rialála agus imscrúdúcháin san Eoraip. Scaip an CSI gach tuairisc maidir le tionóiscí agus gach fógra comhairleach maidir le cúrsaí sábháilteachta a d'eisigh na heagraíochtaí sin i gcás gur measadh gur bhain siad le sealbhóirí dualgais anseo.

I mí na Bealtaine 2012, bhuail an CSI le foireann bhainistíochta feidhmiúcháin Iarnród Éireann le buairimh ó thaobh cúrsaí sábháilteachta a bhí ag teacht chun cinn a phlé. Mar chuid de ghníomhaíocht mhaoirseachta leanúnach an CSI, sonraíodh go raibh roinnt téamaí ann a bhí ag teacht i gceist arís is arís eile le linn iniúcháireachtaí. Ina measc siúd, áiríodh an gá le heolas níos doimhne ar chúrsaí iarnróid, a bheadh mar bhonn is mar thaca le próiseas le cinntí criticiúla a dhéanamh go hinniúil maidir le cúrsaí sábháilteachta, agus a chinntiú go gcloifear le

## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid Turascáil  
Bhliantúil

caighdeán lena n-áirítear bearta ceartaitheacha a shonrú agus a bhainistiú i gcás go sonrófar cás nach bhfuil nósanna imeachta agus caighdeán srl. á gcomhlíonadh ina leith.

Cuireadh an bealach a bainistíodh moltaí ó thaobh na sábháilteachta de roimhe seo chun suntais freisin mar ábhar buairimh, toisc go bhfuil an baol ann, agus níos mó maoirseachta á déanamh ag an CSI, go rachaidh an riaráiste i méad sa réimse seo mura dtabharfar aird go pras ar mholtaí dá leithéid go héifeachtach.

### 2.2.7 Uirill ón bpobal

Tugann an CSI an-aird ar fad i gcónaí ar uirill a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid a thagann ón bpobal, ó phaisinéirí nó ó dhaoine eile. Féachann an CSI, cibé uair is féidir, le déileáil leis na cásanna go díreach, ach i gcás gur gá, lorgann an CSI faisnéis bhreise ón sealbhóir(i) dualgais chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar.

Fuaireamar 35 uiríoll díreach nó neamhdhíreach in 2012 a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bonneagar agus oibriú na n-iarnród trom agus éadrom de, agus ba laghdú suntasach é sin ar líon na n-uiríoll a fuarthas in 2011 (55). Bhain thart ar 30 uiríoll le hoibríochtaí nó bonneagar iarnród Éireann agus bhain na 5 chinn eile le córas LUAS (Iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath), agus le roinnt iarnród oidhreachta. Bhí líon beag díobh ina n-údar buairimh agus ghníomhaigh an CSI láithreach chun a chinntiú go ndearna an Sealbhóir Dualgais ábhartha gníomhartha ceartaitheach ina leith.

Ní raibh ceann ar bith de na cinn eile ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de láithreach nó ina n-údar buairimh go sonrach ach imscrúdaíodh na huirill ar fad agus eisíodh freagairtí dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na n-ábhar a bhíonn i gceist leis na huirill ar bhonn leanúnach ionas go sonrófar aon atarlú nó treochoir a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

Nithe éagsúla a bhí i gceist leis na huirill in 2012, agus bhain siad le nithe amháil an bhail atá ar dhroichead do choisithe agus comharthaíocht na dtaramanna. Ní raibh aon treochoir soiléire ann ó thaobh ábhar na n-uiríoll a fuair an CSI. I ngach cás ar ghá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh áfach, rinne an CSI

amhlaidh agus sholáthair freagairt don ghearánaí.

### 2.2.8 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, ar nós Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc a sheirbheáil. Tionscnaíodh na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas i rith 2012:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin iarrtha:

- tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar a chuid sraitheanna roth;
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar mar a chothabhálar a gcuid Meaisíní-ar-na-rianta;
- tar éis roinnt eachtraí contúirteacha a bhain le feithiclí iarnróid, a thaistealaíonn ar bhóithre, agus a ritheann ar líonra IÉ;
- tar éis scrúdú iar-eachtra an CSI ag crosaire comhréidh a bhain le meaisín-ar-na-rianta;
- tar éis scrúdú iar-eachtra an CSI tar éis do thrain imeacht de na ráillí in iosta traenach;
- tar éis iniúchóireachtaí an CSI ar CBS Rannóg na Comharthaíochta Leictirí & Teileachumarsáide, na nOibreacha Nua agus Oibríochtaí (Feidhm an Bhainisteora Bonneagair) de chuid IÉ;
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar CBS oibríochtaí an RPSI;

Alt 77 d'Acht 2005 – Fógra Feabhsúcháin eisithe a bhaineann le:

- Socruithe Iarnród Éireann maidir le seilbh a bhainistiú; éilíodh leis an treoir a tugadh leis an bhfógra seo go dtabharfadh an Sealbhóir Dualgais faoi oll-athbhreithniú ó bhonn ar 'ghníomhaíochtaí le seilbh a bhainistiú'
- Bailíochtú Iarnród Éireann ar chomhchodanna atá ina gcuid chriticiúil de chúrsaí sábháilteachta, éilíodh leis an treoir a tugadh leis an bhfógra seo go ndéanfadh an Sealbhóir Dualgais cleachtadh le bailíochtú a dhéanamh ar eilimintí sonracha a úsáidtear i bhfeidhmiú crosairí comhréidhe le bacainní iomlána.

Alt 78 d'Acht 2005 – Fógra Toirmisc eisithe a bhaineann le:

- úsáid gluaisteora sonraigh ag Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire, .i., nárbh fhéidir ach rothstoc atá ceadaithe ag an CSI a úsáid agus traenacha do phaisinéirí á bhfeidhmiú.

## 2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

### 2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip (2007/59/CE)

In 2011, chuir an Coimisiún Eorpach a gcuid imní in iúl maidir le haimhrialtachaí idir an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid, nár tugadh aghaidh orthu sách críochnúil le trasúiomh na treorach sin i reachtaíocht na hÉireann. Áiríodh éagsúlachtaí suntasacha idir téarmaí agus sainmhínte a úsáidtear san Acht. Mar fhreagairt ar a dhualgas faoi alt 72 den Acht, tá tacaíocht theicniúil leanúnach agus chuimsitheach soláthraithe ag an CSI don Roinn le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

Lean an CSI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach le cúrsaí rialála a fhorbairt maidir le hiarnróid na hEorpa. D'fhreastail sé ar thrí chruinniú de chuid an Choiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Chóras Iarnróid na hEorpa thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá ionadaíocht ag an CSI ar Bhord Gníomhaireacht Iarnróid na hEorpa agus rannchuidíonn an CSI le roinnt meithleacha de chuid na gníomhaireachta sin. D'fhreastail sé ar cheithre chruinniú iomlánacha de chuid na gníomhaireachta leis na hÚdaráis Sábháilteachta Náisiúnta agus ar dhá chruinniú de Ghrúpa Idirchaidrimh Idirnáisiúnta na gCigirí Iarnróid Rialtais (*ILGRI*). D'fhreastail an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid ar chruinniú iomlánach amháin den Gníomhaireacht in éineacht leis na Comhlachtaí Náisiúnta um Imscrúdú.

### 2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair, rud a thugann deis dó gníomhú maidir le míshuaimehnas faoin gceist trína chomhaltai – gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tarlóirí bóthair agus na Gardaí. Tháinig an grúpa seo le chéile trí huaire i rith 2012.

Tá na crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarnród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. D'eisigh an CSI tuairisc i mí na Bealtaine 2012 faoina staidéar ar a oiriúnaí is a bhí an cineál crosaire comhréidh seo, a raibh 48 díobh ar líonra Iarnród Éireann in 2010. Leis an tuairisc, tugadh aghaidh ar mholtaí do na Ranna Rialtais, do bhainisteoir bonneagair an iarnróid, agus do na húdaráis um bóithre a bhí i gceist. Is léir gur chóir tuilleadh oibre leanúnaí agus córasaí, le rioscaí a mhaolú, a dhíriú ar chrosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí, chomh maith le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcúrsaí sábháilteachta, mar gheall ar na rioscaí a bhaineann leis na crosairí sin.

### 3. Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta de



#### 3.1 Réamhrá

Meastar feidhmíocht sealbhóir dualgais i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta de do na ceithre phríomhearnáil iarnróid a rialálann an CSI, mar atá, an t-iarnród trom, an t-iarnród éadrom, córais thionsclaíocha agus na hiarnróid oidhreachta. Tá sé d'oibleagáid ar gach oibreoir iarnróid agus bainisteoir bonneagair eachtraí agus tionóiscí iarnróid a fhógairt don CSI. Úsáidtear na sonraí sin chun feidhmíocht na sealbhóir dualgais ó thaobh na sábháilteachta de a mheasúnú, i measc rudaí eile.

#### 3.2 Iarnród Éireann Network

Ag deireadh na bliana, bhí 1683 ciliméadar de bhealaí iarnróid i mbun seirbhíse ar líonra IÉ, an méid céanna a bhí ann in 2011. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar an líonra ná ar oibriú na dtraenacha. Tháinig méadú ar líon na gcrosairí comhréidh a bhí cláraithe mar gheall ar aicmiú ar leithligh a bheith déanta ar phointí nach dtrasnaíonn ach coisithe amháin ag crosairí comhréidhe áirithe lena ngabhann foireann, agus mar gheall ar líon beag de phointí trasnúcháin neamhoifigiúla ar chearta slí fadbhunaithe a bheith tugtha chun rialtachta.

Cuirtear staitisticí maidir le tionóiscí i láthair go mion in Aguisín 2. Tuairiscíodh cúig bhás a bhain le feithiclí iarnróid a bhí ag gluaiseacht.



Tuairiscíodh aon chás amháin inar imigh traein de na ráillí agus níor tuairiscíodh aon chásanna inar bhuaill traenacha seirbhíse faoi nithe eile. Dá ainneoin sin, bhí cúig chás ann ina ndeachaigh traein de na ráillí i dtaobhlaigh. Scoilteadh aon traein amháin agus í ag imeacht. Bhí méadú beag ar líon na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu, a chiallaíonn gur coinníodh taifead feabhsaithe ar féidir a chur síos do chórais mhonatóireachta, mheantóireachta agus chóitseála ceartaithí réamhghníomhaí agus neamh-dhaorbhreithiúnaí do thiománaithe traenach ó na Feidhmeannaigh Tarraingthe Dúiche.

Bhí dhá chás ann inar bhuaill traein faoi mhótarfeithicil ag crosaire comhréidh a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre, agus bhain mionghortuithe do dhaoine de bharr an dá cháis. Ní raibh aon chás ann inar bhuaill traenacha faoi gheataí faoi fhreastal ag crosairí comhréidhe.

Tá an laghdú a tháinig ar ráta na bhfeithiclí bóthair a bhuaileann droichid os cionn agus faoi bhun an iarnróid coinnithe mar an gcéanna ón mbliain 2008. Tuairiscíodh ceithre chás in 2012 inar sciorr an talamh agus inar cuireadh as don líne iarnróid dá bharr.

Chuaigh líon na dtuairiscí maidir le heachtraí dóiteáin agus deataigh ar thraenacha i laghad. Tuairiscíodh ceithre eachtra, agus níor gortaíodh aon phaisinéirí de thoradh ceann ar bith díobh.

Tháinig laghdú ar líon na gcásanna inar tuairiscíodh gur bhuaill traenacha faoi ainmhithe móra ar an líne. As measc na n-eachtraí sin, léiríonn an treocht go mbaineann a bhformhór le fianna.

Bhí ráille amháin briste ar línte paisinéirí agus ráille amháin briste ar línte lastais do bhliain 2012, rud a léiríonn ráta íseal leanúnach ó thaobh na n-eachtraí sin de. Tháinig méadú ar líon na lioscán briste nó scoilte in ailt iarnróid agus méadú ar líon mí-ailíniú nó lúbadh sa rian in 2012, in ainneoin go bhfuil an treocht ag léiriú go bhfuil líon na n-eachtraí sin ag dul i laghad i gcoitinne le roinnt blianta.



## 3. Assessment of Duty Holder Safety Performance

### 3.3 LUAS

Is éard atá i gcóras iarnróid éadroim uirbeach LUAS dhá líne ar leithligh a ritheann ar rianta dúbailte. Tá an líne Ghlas 16.5 km ar fad agus ritheann sé ó Fhaiche Stiabhna go dtí Gleann Bhríde: Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 95% den líne sin agus tá 14 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann chomh maith le dhá chrosaire comhréidh ar an mbóthar nach bhfuil comhartha ag gabháil leo. Tá an líne Dhearg 19.7 km ar fad, ag rith ó Theach Sagard go dtí The Point (Dugthailte Bhaile Átha Cliath): Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 60% den líne sin agus tá 41 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann.

Ba é 3.99 milliún cileamadar líon iomlán na gcileamadair a rith an LUAS in 2012, i gcomparáid le figiúr 2011, 3.86 milliún km, arb ionann sin agus méadú beag.

Chuir paisinéirí 29.4 milliún turas i gcrích in 2012 i gcomparáid le 29.1 milliún turas a chuir paisinéirí i gcrích in 2011, arb ionann sin agus méadú beag.

Taifeadadh na heachtraí seo a leanas maidir leis an tseirbhís do phaisinéirí i rith 2012:

- 21 miontionóisc a bhain le trácht ar bhóithre agus 1 tionóisc thromchúiseach dá leithéid
- 2 theagmháil le feithiclí oibre
- 1 mhórtheagmháil le duine den phobal (bás coisí)
- 7 mionteagmháil le duine den phobal
- 1 iarracht le tramanna a chur trí thine
- 1 feithicil bhóithre a theagmhaigh le líne leictreachais lastuas
- 30 cás ina ndeachaigh tiománaí tram thar chomhartha 'stad' gan údarás.

Chuaigh na figiúir maidir le líon na dtionóiscí, a bhain le trácht ar bhóithre, i laghad. Is ar an Líne Dhearg a tharlaíonn formhór mór na dtionóiscí a bhaineann le trácht ar bhóithre. Chuaigh líon na n-eachtraí teagmhála le duine i laghad ó 13

go 7. Cé gur tuairiscíodh roinnt gortuithe, níor aicmíodh aon chinn mar ghortuithe tromchúiseacha. Fuair duine bás áfach nuair a rith coisí den chosán isteach ar chonair thram agus í ag féachaint le tram eile a shroicheadh, a bhí ag teacht sa treo eile.

Bhí 414 cás ann inar cuireadh na coscáin ag obair chun freagairt d'éigeandáil, atá mórán mar a chéile le rátaí a taifeadadh le cúig bliana anuas. Táthar fós ag baint an-chuid mí-úsaid as an murlán éigeandála. Tháinig méadú suntasach ar líon iomlán na n-eachtraí mí-oird phoiblí agus loitiméireachta ó 1,935 sa bhliain 2011 go 3,047 sa bhliain 2012, mar gheall ar ardú mór ar dhaoine a bheith ag cur isteach ar na meaisíní díolta ticéad.

### 3.4 Iarnróid Tionscail

Níor tuairiscíodh aon tionóiscí do 2012.

### 3.5 Iarnróid Oidhreachta

Thuairiscigh iarnród oidhreachta aon eachtra amháin in 2012. Bhain sé sin le traein a d'imigh de na ráillí ar Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire. Níor gortaíodh aon duine.

Cé gur shásúil mar a d'fheidhmigh an earnáil ó thaobh na sábháilteachta de i gcoitinne, tá an CSI ag obair le roinnt oibriúchtaí iarnróid oidhreachta chun a gcuid caighdeán sábháilteachta a fheabhsú.

## 4. 4. Rialachas Corparáideach agus Riarachán



### 4.1 Réamhrá

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

### 4.2 Cúrsaí Airgeadais

#### 4.2.1 Maoiniúchán

Soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cuid dár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair agus tagann cuid dár maoiniúchán ó tobhach a chuirtear ar na gnóthais iarnróid. €0.89m a bhí i gceist leis an maoiniúchán ón Deontas-i-gCabhair in 2012. Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus rinne rialacháin chun tobhach sábháilteachta a fhorchur ar gach ceann de na Gnóthais iarnróid. Déantar na rialacháin seo go bliantúil agus tá na rialacháin i gcomhair 2012 in Ionstraim Reachtuil Uimh. 172 de 2012. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin a fuarthas le trí bliana anuas léirithe thíos:

	2010 (€ milliún)	2011 (€ milliún)	2012 (€ milliún)
Buiséad			
CSI	2.13	2.11	2.26
AITI	0.72	0.68	0.57
<b>Iomlán</b>	<b>2.85</b>	<b>2.79</b>	<b>2.83</b>
Deontas-i-gCabhair CSI + AITI	1.00	0.99	0.89
Ceanglas an Tobhaigh CSI	1.85	1.80	1.94
Aisíocaíocht an Tobhaigh b/f	-0.33	-0.51	-0.76
Suim Ordú an Tobhaigh	<b>1.51</b>	<b>1.29</b>	<b>1.18</b>
Costais oibriúcháin			
CSI	1.55m	1.57m	1.72m
AITI	0.37m	0.46m	0.43m
<b>Iomlán</b>	<b>1.92m</b>	<b>2.03m</b>	<b>2.15m</b>
Feidhmiú GíA			
CSI	0.63m	0.53m	0.46m
AITI	0.37m	0.46m	0.43m
Feidhmiú an Tobhaigh			
CSI	0.92m	1.04m	1.18m
Aisíocaíocht an Tobhaigh c/f	0.51m	0.76m	0

Chun ceanglais an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste i leith caipitil oibre choinnithe a chomhlíonadh, fritháiríodh €0.39m de chúlchistí a carnadh ó bhlianta roimhe i gcoinne oibleagáid an tobhaigh i gcomhair 2012 roimh dheireadh na bliana, rud a d'fhág riachtanas laghdaithe le tobhach. Dá thoradh, tiocfaidh an cleachtas chun deiridh ó thaobh a bheith ag tabhairt suim anonn ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile mar shuim a fhritháirítear sna hoibleagáidí maidir le tobhaigh.

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais an CSI i gcomhair 2011 a iniúchadh agus cheadaigh an tArd-Reachtair iad i mí na Nollag 2012.

#### 4.2.2 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar an gcóras agus ar éifeachtacht an chórais.

#### 4.2.3 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Is í 2012 an seachtú bliain atá an CSI ar an bhfód. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á n-athbhreithniú agus á bhforbairt go leanúnach againn lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sonraithe chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI:

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;

# 4. Corporate Governance and Administration

- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach atá sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Ceanglais maidir leis an Iniúchóireachta Inmheánach a chomhlíonadh, ó thaobh comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Deimhníonn an CSI go bhfuil gach nós imeachta cuí á gcomhlíonadh maidir le cúrsaí airgeadais a thuairisciú, iniúchóireacht inmheánach a dhéanamh, cúrsaí soláthair agus sócmhainní a dhiúscairt.

## 4.2.4 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an CSI.

## 4.2.5 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil agus chothaithe agus speansais ghaolmhara.

## 4.3 Tiomantas don Ghaeilge

Tá rún daingean ag an CSI na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanóireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

## 4.4 Saoráil Fhaisnéise

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarnróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne Iompair, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfear an CSI san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá faoi rialú an Achta seo faoi 2012. Idir an dá linn, tá rún daingean ag an CSI déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

## 4.5 Cairt Chustaiméirí

Uasdátaíodh an Chairt Chustaiméirí in 2011 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCSI. Ní bhfuarthas aon ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí in 2012.

## 4.6 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an CSI chun súil a choinneáil ar na rioscaí is mó dá bhfuil ann dá ghnó.

## 4.7 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisiúin agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

## 4.8 Ráiteas Straitéise 2012-2014

Tháirg an CSI an tríú Ráiteas Straitéise dá chuid in 2012. Is í an cháipéis seo an Ráiteas Straitéise de chuid an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid (CSI) a tháirgtear gach trí bliana, i gcomhair na nblanta ó 2012 go 2014. Is é cuspóir na cáipéise go gcuirfear tuiscint shoiléir i láthair na bainisteoireachta, na foirne, páirtithe leasmhara agus an phobail ar an treoir straitéiseach atá á glacadh ag an CSI chun a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh agus a chuspóirí ó thaobh cúrsaí gnó a bhaint amach. Ní chlúdaítear gníomhaíochtaí an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) leis an gcáipéis seo, toisc go bhfuiltear ag beartú go ndéanfar an tAonad a dheighilt ón CSI, ó thaobh an dlí de, a luaithe agus is féidir sa chaoi go gcomhlíonfar ceanglais de chuid an AE.

## 4.9 Suíomh Idirlín

Coinníonn an CSI suíomh idirlín gníomhach ar bun ag [www.rsc.ie](http://www.rsc.ie)

Coinníonn an AITI suíomh idirlín gníomhach ar bun ag [www.raiu.ie](http://www.raiu.ie)

## 5. Ag Breathnú Amach Romhainn

**Leanfaidh an CSI ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chur i ngníomh faoi reachtaíocht Eorpach agus faoi reachtaíocht Náisiúnta in 2013 agus is iad seo a leanas na réimsí a áireofar mar chinn ar a ndíreofar aird ar leith i rith 2013:**

- Tacaíocht theicniúil leanúnach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le reachtaíocht um shábháilteacht iarnróid a leasú lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoracha ón AE;
- Innealtóirí atá tar éis céim a bhaint amach a fhorbairt go leanúnach mar innealtóirí gairmiúla chun aon easnamh maidir le sainacmhainní teicniúla daonna a sheachaint i gcás go bhféadfadh a leithéid bac a chur ar an CSI a chuid oibleagáidí don AE agus faoi reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh;
- An mheasúnacht a chur i gcrích ar an mbealach a chomhlíonann córais bhainistíochta sábháilteachta ar leithligh de chuid Iarnród Éireann na ceanglais ábhartha don Bhainisteoir Bonneagair agus Gnóthas Iarnróid agus an Bainisteoir Bonneagar a údarú ó thaobh na sábháilteachta de ina dhiaidh sin chomh maith le sábháilteacht aonaid ghnó na nGnóthnas Iarnróid a dheimhniú;
- Idirghníomhú leis an RPA maidir leis na hoibreacha nua a mheasúnú do leathnú Traschathrach an LUAS;
- Prionsabail na CBSanna a leathnú amach leis na hiarnróid oidhreachta neamhspleácha a chuimsiú d'fhonn an mhaoirseacht ar shábháilteacht a fheabhsú do na hiarnróid sin;
- Obair leanúnach ar reachtaíocht maidir le sábháilteacht iarnróid agus idir-inoibritheacht agus rialacha teicniúla leis an aidhm go mbeifear ar aon dul glan le Treoracha an AE.
- An AITI a dhealú ón CSI, ó thaobh an dlí de, sa chaoi go gcomhlíonfar cheanglais an AE go hiomlán;
- Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt de réir cheanglais ISO 17020 go mbeidh ar chumas an CSI creidiúnú a bhaint amach.

I rith 2013, leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag díriú ar a mhisean “Sábháilteacht na n-iarnród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach”.

# Aguisín 1

**Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Cúrsaí Oibriúcháin agus Bonneagair 2003-2012**

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
Foireann	5,833	5,590	5,462	5,114	4,933	4,845	4,499	4,254	4,125	4,063
Km Traenach na bpaisinéirí	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000	18,044,657	16,190,950	16,582,606	17,008,042	17,339,870
Km Traenach Iastais	2,705,000	3,350,000	4,953,000	3,737,000	772,000	1,034,173	946,374	341,954	360,299	355,311
Km Traenach Iomlána	14,950,000	15,217,000	17,987,000	18,242,000	16,832,000	19,918,501	18,182,358	17,691,837	18,066,007	18,392,846
Turas Paisinéirí san Iomlán	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000	44,646,000	38,800,000	38,225,000	37,375,000	36,919,000
Milliún paisinéirí - km iomlána	1,601	1,582	1,781	1,872	2,007	1,976	1,681	1,678	1,639	1,583
Km Bealaí				1657	1657	1657	1665	1683	1683	1683
Km Rianta				2110	2110	2110	2141	2165	2165	2165
Crosairí Comhréidhe				1171	1126	1095	1069	1050	1018	1040

## Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Éireann 2003-2012

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
<b>Oibríochtaí iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí</b>										
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Railway infrastructure: gortuithe marfacha do thríú páirtí</b>										
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	-	1	-	-	1	1	-	2	-	-
Gortú marfacha a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Oibríochtaí iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe</b>										
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Bonneagar iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe</b>										
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Oibríúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile</b>										
Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht agus nár tharla ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Gortú marfach do chustaiméir nó do chuariteoir, gan baint ag aon traein leis	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	10	11	8	7	5	8	3	8	7	5
<b>Oibríochtaí iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí</b>										
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	12	-	-	-	2	-	-	-
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	69	65	48	55	50	43	17	64	46	41
Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	66	70	73	41	35	22	40	28	10	27
<b>Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí</b>										
Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	-	-	-	-	1	-	-	-	1	2
Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein	-	3	4	-	1	1	1	-	2	5
<b>Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile</b>										
Gortú do chustaiméir nó do chuariteoir ar áitreabh	84	71	74	72	70	54	56	85	113	116
Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraite san áireamh	2	1	1	-	1	-	-	-	-	5
<b>Oibríochtaí iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe</b>										
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	12	7	4	15	7	8	13	11	7	13
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	54	70	62	38	36	37	31	27	22	32
<b>Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe</b>										
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	-	1	-	-	1	1	-	1	2	1
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	55	48	38	31	42	42	34	30	23	32
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	2	-	1	2	4	-	-	-	-	1
<b>Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe</b>										
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	-	1	1	-	-	-	1	-	-	-
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	48	43	38	30	36	27	21	10	18	10

# Aguisín 2

<b>Oibríochtaí iarnróid: eachtraí a tharla ar thraenacha</b>										
Traein a d'imigh de na ráillí ar líne reatha nó traenín a d'imigh de ráillí ar líne reatha agus a chuir isteach ar líne reatha	12	5	5	9	7	3	3	1	-	1
Traein imithe de na ráillí agus í sealbhaithe ag an rannóg innealtóireachta ar líne reatha (agus traenacha a d'imigh de na ráillí agus iad á sealbhú freisin)	4	1	2	4	1	2	1	1	-	-
Traenacha a d'imigh de na ráillí i dtaobhlach de chuid IÉ	58	46	19	16	8	12	4	14	4	4
Traenacha a d'imigh de na ráillí i dtaobhlach príobháideach	6	4	4	3	4	-	4	2	2	1
Imbhualadh traenach le traenín phaisinéirí nó traenín earraí ar líne reatha	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach/feithicil iarnróid agus í ag gluaiseacht ag stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú	2	-	1	1	-	1	1	-	-	1
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crosaire comhréidh	1	2	2	1	4	4	-	2	1	2
Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	1	-	-	1	-	-
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh	2	4	2	2	2	1	-	1	-	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)	2	-	-	-	-	-	-	-	-	1
Imbhualadh traenach le hainmní nó ainmhithe móra ar an líne	43	40	42	43	42	33	20	24	35	26
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	4	10	8	5	9	17	10	1	7	6
Traein dulta thar phríomhchomhartha (reatha) contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	32	29	36	25	22	12	18	14	4	7
Traein dulta thar chomhartha contúirte eile sa chás gur tugadh rabhadh in am	19	12	9	9	10	10	5	8	2	1
<b>Oibríochtaí iarnróid: eachtraí a bhain le rothstoc</b>										
Dóiteán nó deatach ar ghluasteoir nó ar rothstoc eile	9	11	8	13	27	13	6	9	8	4
Traein a scoilteadh ina dhá leath agus í ag rith	1	-	3	-	1	1	1	-	-	1
Eachtra a tharla maidir le doras rothstoic	3	-	-	1	11	4	1	1	2	1
Teipeadh ar acastóir rothstoic nó ar imthaca acastóra	-	-	-	-	-	1	-	-	2	-
<b>Eachtraí ó thaobh Bonneagair de</b>										
Ráille Briste ar línte reatha do thraenacha paisinéirí	3	1	6	4	1	2	2	4	2	1
Ráille Briste ar líne do thraenacha lastais amháin nó i dtaobhlach	4	1	-	1	-	1	2	-	-	1
Lioscán briste nó scoilte	511	254	380	332	358	187	160	109	42	88
Mí-aillíniú nó lúbadh sa rian	6	-	1	5	1	-	3	1	-	4
Fabht ultrasonach d'Aicme 1	81	35	31	29	21	27	47	41	2	5
Bhuail mótarfeithicil droichead faoin iarnróid	137	123	203	194	140	86	98	92	90*	61
Bhuail mótarfeithicil uchtbhalla droichid os cionn an iarnróid	6	13	12	23	40	26	16	14	15*	11
Sciarradh talún nó teip ar na struchtúir a chuaigh i bhfeidhm ar oibríochtaí	2	-	4	10	4	-	11	3	-	4
Geata nó bacainn ag crosaire comhréidh ar bhuaill mótarfeithicil faoi nó fúithi	12	35	18	21	37	24	23	31	17	15
Mótarfeithicil ar bhuaill bacainn ag crosaire comhréidh fúithi	12	20	12	8	6	4	5	7	4	4
Líon iomlán na gcásanna dóiteáin i bhfoirgnimh	2	-	-	-	9	3	5	2	2	1

# Aguisín 3

## Aguisín 3: Staitisticí oibriúcháin agus maidir le tionóiscí Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath 2005-2012

Bliain	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
Km Tram (mílte míle)	2,500	2,661	2,751	2,744	2,695	3,082	3860	3990
Tionóiscí Tráhta Bóithre (TTB)	36	24	28	32	23	30	30	24
Theagmhaigh duine leis an tram	8	21	18	20	18	22	13	7
Imbhualadh idir tramanna	1	-	-	-	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí in iosta	4	-	3	1	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí ar an bpróimhlíne	1	1	-	-	1	2	-	-
Eachtra eile lenar bhain gortú do dhuine						1	-	-
- Garchabhair	5	1	3	1	5	2	1	-
- Cóir leighis	10	9	11	4	20	15	9	7
- Cúram Ospidéal	2	2	2	1	4	3	1	-
- Bás	-	-	-	1	-	-	1	1
Gortuithe san iomlán	17	12	16	7	29	20	12	8
Murlán Éigeandála	14	20	22	43	108	41	103	95
Coscán Éigeandála	946	747	540	435	350	374	478	414

( - ciallaíon Nialas)

Nóta: Ba é 2005 an chéad bhliain iomlán a raibh LUAS i bhfeidhm lena linn.



# Appendix 4

## Aguisín 4: Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2012

Tionscadail ó thaobh Bonneagair de	Céim an Tionscadail			
		Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Coimisiúnú na hOibríochta
Uasghrádú ar Uchtbhallaí Droichid – Líne Shligigh & Phort Láirge Ros Láir			√	
Athchomharthú Lár Chathair Bhaile Átha Cliath - Cuid 1 Céim 1 - Craobh Bhinn Éadair			√	√
Seachbhealach an Longfoirt – Droichead Nua – Líne Shligigh			√	
Úlla – Uasghrádú ar an Droichead – Líne Luimnigh Port Láirge			√	√
Órán Mór – Stáisiún Nua – Líne Luimnigh na Gaillimhe			√	
Iamród Oidhreacht Phort Láirge & Ghleann na Siúire – uasghrádú ar dhá dhroichead faoi				√
Bóthar Ceangail Dhurlas: Droichead				√

Tionscadail ó thaobh Rothstoic de	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Glantóir Ballasta					√
Cairr Iarnróid Idirchathrach					√
Feithicil LUAS - <i>Tram Wraps</i>	√	√	√	√	√
Veain Gineadóra Mk III					√
Feithicil Ilfheidhmeach					√

## Aguisín 5 – Súil ar an bhFuineamh a Úsáideadh in 2012

In 2012, d'ídiigh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid 137,416 kWh den fhuinneamh in ár bhfoirgneamh, Teach Trident, mar seo:

- 43,255 kWh leictreachais;
- 94160 kWh gáis.

### Gníomhartha a Rinneadh in 2012

Thug an CSI faoi roinnt tionscnamh in 2012 chun ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Painéil teasa indibhidiúla a thabhairt isteach chun an teas a rialú chomh maith le hamadóirí i réimsí éagsúla san oifig ionas nach gá na limistéir sin a théamh ach amháin nuair is gá.
- Cinntiú go gcastar gach trealamh as ag deireadh an lae
- Gach ball den fhoireann a spreagadh leis an méid fuinnimh a ídionn iad a laghdú

### Gníomhartha atá Pleanáilte do 2013

In 2013, tá sé i gceist ag an CSI ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí bheith ag tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Méadú a dhéanamh ar a eolaí is a bheidh an fhoireann faoi fhuinneamh a ídiú agus faoi bhealaí le méid an fhuinnimh a ídítear a laghdú.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireacht ar mhéid an fhuinnimh a ídítear agus bealaí nua a lorg chun an méid fuinnimh a ídímid a laghdú.